Drama (Dramai)

Irish Past Exam Questions

Higher Level

2010

Paper Two - Section 1 - Question 2 Part D(a + b)

(a) AN TRIAIL (40 marc)

(i) "Fásann príomhchoimhlintí an dráma as lochtanna nó duáilcí daonna a cheiltear faoi chosúlacht an ghrá."

Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt don dráma *An Triail*.

nó

(ii) "Is iomaí teicníocht dhrámata a úsáidtear sa dráma *An Triail* chun forbairt a dhéanamh ar an bpríomhthéama."

Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt do **dhá** theicníocht dhrámata, ar a laghad.

(b) DRÁMA ROGHNACH (40 marc)

(i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an gcaidreamh atá ag an bpríomhphearsa le **beirt** phearsan eile sa dráma agus an tionchar a bhíonn ag an gcaidreamh sin ar imeachtaí an dráma.

Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

nó

(ii) "Is iomaí teicníocht dhrámata a úsáidtear i ndráma chun forbairt a dhéanamh ar an bpríomhthéama ann."

Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag tagairt do **dhá** theicníocht dhrámata ar thug tú suntas dóibh sa dráma roghnach a ndearna tú staidéar air.

Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

2009

Paper Two - Section 1 - Question 2 Part D(a + b)

(a) AN TRIAIL (40 marc)

(i) "Na fir is cúis le cuid mhór de thrioblóidí an tsaoil sa dráma *An Triail*."

An ráiteas sin a phlé maidir le **beirt** de na fir sa dráma *An Triail*.

nó

(ii) "Tugtar léiriú maith sa dráma seo *An Triail* ar chás na máthar aonair in Éirinn sna seascaidí."

An ráiteas sin a phlé.

(b) DRÁMA ROGHNACH (40 marc)

(i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an tionchar a bhí ag **beirt** de na **mór**phearsana ar imeachtaí an dráma sin.

Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

nó

(ii) "Cás an duine agus na deacrachtaí a bhíonn roimhe is ábhar don dráma maith."

É sin a phlé maidir le duine **amháin** de na **príomh**phearsana sa dráma roghnach a ndearna tú staidéar air.

Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

2008

Paper Two - Section 1 - Question 2 Part D(a + b)

(a) AN TRIAIL (40 marc)

(i) "Ní ormsa is cóir aon phioc den mhilleán a chur."

Déan plé ar fhírinne an ráitis sin maidir le **beirt** de na carachtair seo a leanas sa dráma *An Triail*:

Seán Ó Cathasaigh; Bean Uí Chinnsealaigh ; Bainisteoir na monarchan; Bean an lóistín.

nó

(ii) Déan plé ar na buanna **agus** / **nó** ar na lochtanna a bhaineann leis an léiriú stáitse a dhéantar ar phríomhchoimhlint an dráma seo *An Triail*.

(b) DRÁMA ROGHNACH (40 marc)

(i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an tionchar a bhí ag **beirt** de na **mion**phearsana ar imeachtaí an dráma sin.

[Ní mór teideal an dráma, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

nó

(ii) "Nádúr an duine nó an oiliúint a fhaigheann sé/sí – cé acu is treise?"

An cheist sin a phlé maidir le hiompar duine **amháin** de na **príomh**phearsana sa dráma roghnach a ndearna tú staidéar air.

[Ní mór teideal an dráma, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

2007

Paper Two - Section 1 - Question 2 Part D(a + b)

(a) AN TRIAIL (40 marc)

(i) "Bíonn dualgais agus freagrachtaí ag baint le ról na máthar i gcónaí
ach is léir gur theip ar **bheirt** mháithreacha maidir leis na gnéithe seo dá gcúram sa dráma seo."

Déan plé ar an ráiteas sin i bhfianaise an dráma *An Triail*.

nó

(ii) Tionchar na himní ***agus*** na náire ar imeachtaí an dráma *An Triail* a phlé.

(b) DRÁMA ROGHNACH (40 marc)

(i) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air,
déan plé ar a éifeachtaí is a dhéantar léiriú ar an gcaoi ar theip ar **bheirt** charachtar sa dráma
maidir lena ndualgais agus lena bhfreagrachtaí.

[Ní mór teideal an dráma, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.]

nó

(ii) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, déan plé ar an léiriú a dhéantar
ar do rogha **dhá** mhothúchán a dhúisíonn imeachtaí an dráma sin ionat.

[Ní mór teideal an dráma, mar aon le hainm an údair, a bhreacadh síos go cruinn.]